

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

| | |
|--------------------------|----------------------------|
| Ainm na scoile | Gaelcholáiste Cheatharlach |
| Seoladh na scoile | Easca Ceatharlach |
| Uimhir rolla | 70440A |

Dáta na cigreachta: 14-12-2016



This report is written in Irish. An English translation is provided at the end of the report.

Scríobhadh an tuairisc seo i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla ar fáil ag deireadh na tuairisce.

CAD IS MEASTÓIREACHT SCOILE UILE - BAINISTÍOCHT, CEANNAIREACHT AGUS FOGHLAIM ANN?

Déanann Meastóireachtaí Scoile Uile - Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghaim tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil. Dearbhaíonn siad dea-chleachtas agus déanann siad moltaí, nuair is cuí, chun cuidiú le forbairt bhreise a dhéanamh ar soláthar oideachais sa scoil.

CONAS AN TUAIRISC SEO A LÉAMH

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus rinne siad tuairisciú faoi na ceannteidil nó faoi na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht cheannaireacht agus bhainistíocht na scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Feidhmiú moltaí ó mheastóireachtaí roimhe sin
4. Próiseas féinmheastóireachta na scoile agus an cumas d'fheabhsú scoile

Déanann na cigirí cur síos ar an gcáilíocht a bhaineann le gach ceann de na réimsí sin agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar leathanach deiridh na tuairisce seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Meastóireacht Scoile-Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

GNÍOMHAÍOCHTAÍ CIGIREACHTA LE LINN NA CIGIREACHTA SEO

| | |
|--|--|
| Dáta na Cigireachta | 14-12-2016 |
| Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Cruinniú leis an mBord Bainistíochta• Cruinniú leis an bpríomhoide agus leis an bpríomhoide tánaisteach• Cruinnithe leis na príomhbhaill foirne• Cruinniú le hionadaithe tuismitheoirí• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha | <ul style="list-style-type: none">• Anailís ar cheistneoirí tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí• Agallamh le fócasghrúpa scoláirí• Breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim• Scrúdú ar obair na scoláirí• Caidreamh le scoláirí• Aiseolas don fhoireann bainistíochta shinsearach, don bhord bainistíochta agus do na múinteoirí |

COMHTHÉACS NA SCOILE

Bunaíodh Gaelcholáiste Cheatharlach mar iarbhunscoil lán-Ghaeilge chomhoideachais in 1990. Tá sé ar cheann de dhá Ghaelcholáiste atá faoi phátrúnacht Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) Chill Chainnigh agus Cheatharlach. Osclaíodh foirgneamh úr do rollúchán réamh-mheasta de 250 scoláire in 2006. Tá móriomlán 372 scoláire ag freastal ar an scoil i mbliana 2016/17, an buaicphointe go dtí seo sa rollúchán. Is iad an Teastas Sóisearach, an Idirbhliain atá roghnach, an Ardteistiméireacht bhunaithe agus Clár Gairme na hArdteistiméireachta (CGAT) na cláir atá ar fáil.

ACHOIMRE AR NA PRÍOMHCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

CINNTÍ

- Bhí cáilíocht cheannaireacht agus bhainistíocht na scoile sásúil agus bhí láidreachtaí le haithint in obair an bhoird bhainistíochta agus na foirne bainistíochta sinsearaí; tá scóip chun ról an bhoird a fhorbairt maidir le plean na scoile lena n-áirítear na heasnamh atá ar an soláthar don Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) agus íosmhéid uaireanta teagaisc.
- Tá an fhoireann bainistíochta shinsearach an-tiomanta don scoil agus is é leas na scoláirí a dhearbhu mar thosaíocht in obair na scoile is príomhchúram dóibh beirt; cur isteach ar an gceannaireacht scoile acu áfach is ea an líon ard uaireanta teagaisc atá acu.
- Níl cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna* i ngeall ar na heasnamh atá aitheanta ar an soláthar don OCG.
- Bhí caighdeán an teagaisc agus na foghlama go maith ar an iomlán.
- Tá dul chun cinn maith déanta i gcás moltaí a rinneadh i meastóireachtaí cheana a fheidhmiú maidir le foghlaim agus teagasc agus dul chun cinn teoranta maidir le moltaí bainistíochta.
- Tá acmhainn theoranta ag an scoil faoi láthair chun dul i ngleic leis an bhfeabhsúchán scoile agus an fhéinmheastóireacht scoile (FFS).

MOLTAÍ

- Ba chóir don bhord agus don bhainistíocht shinsearach gníomhú láithreach chun soláthar na scoile don OCG a thabhairt cothrom le riachtanais *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanáí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.
- Moltar don bhord plean scoile, a chuimseodh an ghné forbartha, a ghlacadh agus a fhoilsiú, na tacaíochtaí is gá le feabhsúcháin leanúnacha a bhaint amach i gcúrsaí teagaisc agus foghlama a bheith lárnach agus soiléir sa phlean agus a chinntiú go bhfuil 28 n-uaire an chloig

mar íosmhéid d'uaireanta teagasc in aghaidh na seachtaine á gcur ar fáil ag teacht le hImlitir M29/95 na Roinne.

- Tá gá le struchtúir níos fearr a chur ar chórais phleanála agus feidhmithe na scoile ar mhaithe leis an scoil a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den fhorbairt scoile; tá gá le struchtúr ceart a chur faoin bpróiseas féinmheastóireacht scoile (FMS).
- Ba chóir don fhoireann bainistíochta shinsearach méid an ama atá á chaitheamh acu ag teagasc sa seomra ranga a laghdú ar mhaithe le bheith in ann díriú ar an scoil a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile san fhorbairt.
- Ba chóir clár san fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) a bheith lárnach san fheabhsúchán scoile; moltar cur chuige scoile uile a fhorbairt i dtaca le measúnú chun foghlama agus straitéisí difreála agus clár cruinnis sa Ghaeilge a chur mar chuid den chlár FGL.

MIONCHINNTÍ AGUS MOLTAÍ

1. CÁILÍOCHT BHAINISTÍOCHT AGUS CHEANNAIREACHT NA SCOILE

1.1. Úinéireacht agus bainistíocht na scoile:

Bhí cáilíocht cheannaireacht agus bhainistíocht na scoile sásúil; bhí láidreachtaí le haithint in obair an bhoird bhainistíochta agus na foirne bainistíochta sinsearaí. Bhí dea-chuma ar imeachtaí an bhoird sna miontuairiscí, bhí freastal ard ar na cruinnithe agus bhí riar an bhoird go maith.

Bhí an-tuiscint ag baill an bhoird ar a ról rialachais. Bhí athbhreithniú ar pholasaithe scoile mar ghné rialta dá gcruinnithe. Tacaíonn an bord go maith leis an nGaeilge a choimeád lárnach in obair agus i ngnáthshaol na scoile, tá cleachtas eiseamláireach ag an mbord an oiread agus is féidir dá ghnó a chur i gcrích trí Ghaeilge. Bhí fianaise leis ar chleachtas athmhachnamhach; luadh gnéithe de chleachtas na scoile a d'aithin an bord a bhí le feabhsú. Gnéithe fiúntacha a bhí iontu a mb'fhiú iad a chur de réir téamaí, an teagasc agus an fhoghlaim go háirithe.

Bhí réimsí chun forbartha ar bhainistíocht agus ceannaireacht na scoile freisin; bhí ceann de phríomh-mholtaí tuairisc scoile uile 2010 faoi ocht n-uaire is fiche d'am teagasc a sholáthar fós gan chomhlíonadh. Bhí an soláthar don OCG easnamhach agus gan an treoirt cheart air; ba chóir don bhainistíocht gníomhú láithreach chun soláthar na scoile don OCG a chur ina cheart.

Tá scóip ann freisin chun tógáil ar ról an bhoird i bhforbairt na scoile. B'fhiú plean comhtháite scoile a chuireadh an ghné forbartha, a ghlacadh agus a fhoilsiú. Moltar na tacaíochtaí is gá le feabhsúcháin leanúnacha a bhaint amach i gcúrsaí teagasc agus foghlama a lua go soiléir ina leithéid de plean.

Tá na struchtúir ionadaíochta, cumann na dtusmitheoirí agus comhairle na scoláirí, curtha ar bun. Bíonn an-tacaíocht ann d'imeachtaí scoile ar leith ó na tusmitheoirí ach ní raibh an cumann féin lárnach i saol na scoile. Tá ról soaitheanta ag comhairle na scoláirí i saol na scoile agus tá aitheantas tugtha ag an mbord dá ról. Cuireann an BOO oiliúint ar bhaill nua-thofa na comhairle agus bíonn nascmhúinteoir ag freastal ar chruinnithe na comhairle. Tugtar deiseanna ceannasaíochta do scoláirí in obair na comhairle agus i ngrúpaí eile ar nós an chórais mheantóireachta *Meitheal* do scoláirí na séú bliana le scoláirí na chéad bhliana. Léirigh tátail ar cheistneoirí scoláirí agus tusmitheoirí mar aon le breathnóireacht na foirne meastóireachta go raibh dáimh ar leith ag na scoláirí i gcoitinne lena chéile agus iontaobh acu as a chéile. Tá an ghné seo de shaol na scoile thar a bheith dearfach.

Tá sé le moladh gur tugadh ionchur do na scoláirí san athbhreithniú réasúnta deireanach a rinneadh ar pholasaí úsáid fón póca mar ghné den chód iompair. Tá seacht mbliana caite áfach ó rinneadh

athbhreithniú ar an gcód iompair féin; níor léir ar an bpolasaí sin go raibh ionchur ag na scoláirí ina dhréachtú mar ba chóir. Ba cheart an t-easnamh seo a chur ina cheart sa chéad athbhreithniú eile a dhéanfar ar an mbunpholasaí seo.

Tá an fhoireann bainistíochta shinsearach an-tiomanta don scoil. Oibríonn siad go dian dícheallach agus is é leas na scoláirí a dhearbhu mar thosaíocht in obair na scoile is príomhchúram dóibh beirt. Tráth na meastóireachta, cé go raibh cúiseanna práinneacha ann, bhí cúraimí teagaisc an phríomhoide ag leibhéal nach raibh inmhianaithe ná inbhuanaithe. Tá gá le díriú níos mó ar réimse den phleanáil scoile uile a fheidhmiú. Faoi láthair níl an struchtúr ann lena dhéanamh go héifeachtach; tá grúpaí á mbunú cothrom le riachtanais, mar shampla do thionscnaimh sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus á scaipeadh sula mbíonn toradh fóna deimhnithe. Fágann sin gur ar an mbainistíocht shinsearach don chuid is mó atá na cúraimí nua ag titim. Ní féidir an obair sin a dhéanamh go beacht agus uaireanta suntasacha teagaisc a dhéanamh san am céanna mar atá faoi láthair.

Tá struchtúr meánbhainistíochta ann a thacaíonn le bainistiú laethúil na scoile ag leibhéal atá go maith. Is léir go bhfuil an dea-thoil ann; dá chomhartha sin tá múinteoirí eile a ghabhann de chúraimí go deonach i mórán réimsí.

Táthar ag dul i ngleic sa scoil, ag leibhéal na bainistíochta agus na feidhmíochta, le leasuithe agus tionscnaimh nua go hurrámach, mar shampla an Creat don tSraith Shóisearach. Tá gá le struchtúir níos fearr a chur ar na córais phleanála agus feidhmithe áfach le dul ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den fhorbairt scoile. Céim amháin atá riachtanach san obair seo is ea méid an ama atá á chaitheamh ag an bhfoireann bainistíochta shinsearach ag múineadh a laghdú.

1.2 Éifeachtacht na ceannaireachta don fhoghlaim

Tá an cheannaireacht ar an bhfoghlaim go maith. Oibríonn an bhainistíocht shinsearach le hardchaighdeán san fhoghlaim a dhearbhu agus cultúr foghlama a chur chun cinn. Déantar an ghnóthachtáil acadúil a spreagadh agus a cheiliúradh. Leagtar ionchais arda síos maidir le rátaí rannpháirtíochta sna hábhair ag an ardleibhéal agus é mar sprioc tógáil orthu sin go leanúnach.

Tá an bhainistíocht agus na ranna ábhair dírithe ar ghnóthachtálacha na scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta a uasmhéadú. Déantar mionanailís ar shonraí gnóthálacha agus roinntear ar na ranna ábhair iad. Ní raibh an anailís sin mar bhonn áfach leis na pleananna ábhair a breathnaíodh chun plean forbartha ábhair a cheapadh.

Tá aird á tabhairt ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) na múinteoirí ag leibhéal scoile uile a chur ar fáil; spreagtar tionscnamh aonair FGL freisin. Tagann an obair seo go maith leis na leasuithe atá á dtabhairt isteach faoin gCreat don tSraith Shóisearach. Luadh go bhfuil béim ar leith á díriú ar an meastóireacht chun foghlama (McF) ar bhonn scoile uile mar chuid de seo. Bhí an pictiúr maidir le cur i bhfeidhm na straitéisí sin éagothrom sna ceachtanna a breathnaíodh áfach. Is socrú neamhfhoirmeálta atá ann faoi láthair le straitéisí teagaisc agus foghlama a fhorbairt. Tá scóip chun straitéisí teagaisc atá á bhforbairt ag múinteoirí go haonar nó i bpáirt a leathnú go mór.

B'fhiú clár FGL ar theagasc agus foghlaim a leagadh amach i bpáirt leis an bhfoireann agus cuireadh a thabhairt do mhúinteoirí áirithe ar ball tionscnaimh nua a thriail ar bhonn píolótach. D'fhéadfadh na múinteoirí sin tuairisciú ar ais don fhoireann go hócáidiúil ar a dtaithe féin sula ndéantar tionscnaimh nua a chur i bhfeidhm sa scoil uile.

Moltar anailís a dhéanamh ar fhreagraí na scoláirí ar cheistneoirí a bhí mar chuid den mheastóireacht seo faoina dtaithe siúd ar an bhfoghlaim sa seomra ranga. B'fhiú plé a dhéanamh dá réir ar straitéisí

foghlama gníomhacha a fhorbairt, an ceacht a dhéanamh suimiúil agus straitéisí measúnú chun foghlama a chleachtadh níos mó.

Bhí cáilíocht na Gaeilge labhartha i measc na foirne ag leibhéal fóna i gcoitinne ach ní raibh sé sin fíor i ngach cás. Tá an scoil le moladh go mór go bhfuil múinteoirí a bhí ar bheagán Gaeilge an chéad lá atá tar éis dul chun cinn mór a dhéanamh sa teanga. Tá an bhainistíocht shinsearach cáiréiseach faoin gceist seo ach tá gá le dianchúrsaí feabhsaithe agus cruinnis sa teanga a chur ar chlár FGL na foirne.

Tá curaclam leathan ann agus tá iarrachtaí leanúnacha á ndéanamh le clár na n-ábhar Ardeistiméireachta a choimeád chomh leathan agus is féidir ach baineann míbhuntáistí leis an gcur chuige seo freisin. Bíonn ‘rang staidéir’ ag scoláirí na séú bliana mar shampla ag ceann de na cúig bhloc d’ábhair roghnacha atá ar thrathchlár na bliana sin, cúig thréimhse in aghaidh na seachtaine. Tá líon an-suntasach d’uaireanta maoirseachta múinteoirí i gceist. Ní hé seo an úsáid is fearr as acmhainní teoranta teagaisc. Ba mhaith ann grúpa athbhreithnithe curaclaim chun moltaí a dhéanamh ar cheisteanna den chineál seo.

Tá an-tóir ar chlár roghnach na hIdirbhliana. Tá líon na scoláirí a thugann faoin gclár CGAT an-íseal; tá an scóip chun an clár a fhorbairt thíos go mór ag an socrú reatha faoina bhfuil Francisc agus Gearmáinis ar fáil ag an am céanna. Tá fabhtanna eile tráthchlár ann a léiríonn Corp Oideachas don séú bliain dhá lá eágsúla seachas le chéile ar lá amháin. Ba chóir na laigí seo ar an tráthchlár a leasú.

Tá freastal maith á dhéanamh ar an líon beag scoláirí a bhfuil riachtanais oideachais speisialta (ROS) acu agus tá múinteoir láncháilithe i mbun na gcúraimí seo. Déantar eolas a roinnt leis an bhfoireann teagaisc faoi riachtanais na scoláirí seo. B’fhiú eolas níos fairsinge a roinnt leis an bhfoireann ar chleachtais ROS; d’fhéadfaí cuid de na cleachtais sin a chur chun tairbhe sa teagasc príomhshrutha.

Tá cúram tréadach na scoláirí go lárnach in aidhmeanna agus i gcleachtais na scoile. Tá córas tréadach maith sa scoil faoi cheannas na gceann bliana agus múinteoirí ranga. Coinníonn an bhainistíocht shinsearach teagmháil rialta leis na scoláirí trí thionóil scoile rialta. Buailteann an bhainistíocht shinsearach leis na cinn bhliana, ar príomhoidí cúnata iad ar fad, uair sa tseachtain. Feidhmíonn an grúpa seo mar fhoireann chúraim na scoláirí. B’fhiú féachaint leis an bhfoireann seo a leathnú agus ról gach duine a shainiú.

Tugadh deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*, gan athrú nó leasú. I ngeall ar na heasnaimh atá aitheanta ar an soláthar don OCG níl cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi *Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-bhunscoileanna*.

1.3 Bainistíocht ar áiseanna

Tá cuma an-tarraingteach ar an scoil agus déantar cothabháil an-mhaith uirthi. Léiríonn na scoláirí meas ar an bhfoirgneamh agus ar threalamh na scoile. Tá na seomraí ranga geal fairsing agus tá timpeallacht foghlama spreagthach curtha ar fáil i mórán áiteanna. Tá naisc mhaithe idir an scoil agus clubanna spóirt áitiúla agus tá fáil ag an scoil ar na háiseanna seo.

2. CÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC

Bhí caighdeán an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh go maith ar an iomlán. Bhí roinnt scóipe chun feabhais i mionlach de na ceachtanna, go háirithe i dtaca leis na scoláirí a bheith go gníomhach san fhoghlaim agus maidir leis an difreáil.

Bhí cleachtas aonair na múinteoirí sna ceachtanna a breathnaíodh go maith ar an iomlán, bhí cleachtas an-mhaith i líon suntasach díobh. Sa chleachtas ab fhearr a breathnaíodh chruthaigh na múinteoirí timpeallacht foghlama a bhí dírithe ar na scoláirí agus ar mheas, dearbhú agus muinín as a chéile. Bhí ionchais arda ag na múinteoirí d'obair agus iompraíocht na scoláirí agus chuir siad na hionchais sin in iúl go héifeachtach. Sna ceachtanna sin chuir na scoláirí a gcuid tuairimí agus eispéreas féin in iúl sa phlé ranga go muiníneach. Bhí meas acu agus suim acu i dtuairimí agus eispéiris a gcomhscóláirí sa rang. Bhí iompraíocht na scoláirí thar barr sna ceachtanna ar fad.

Léirigh na múinteoirí cumas agus inniúlacht sna scileanna oideolaíochta; i roinnt ceachtanna áfach chuir easpa cruinnis agus líofacht Ghaeilge an mhúinteora isteach ar eispéiris agus torthaí na bhfoghlaiméirí.

Bhain éagsúlacht leis na hiarrachtaí a rinneadh chun úsáid éifeachtach a bhaint as acmhainní teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC). I mionlach suntasach de na ceachtanna baineadh úsáid chruthaitheach as sleamhnáin ilmheáin a thaispeáint ar mhórscaíleán, bogearraí a bhain leis an ábhar, meabhairmhapáí, léarscáileanna agus fiseáin chomhtháite; chuidigh siad seo go héifeachtach le spreagadh agus rannpháirtíocht na scoláirí san fhoghlaim. Ba chóir an dea-chleachtas seo a scaipeadh. Áiríodh i leath na gceachtanna go bhféadfadh toradh níos fóna a bheith ar fhoghlaim na scoláirí ach úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní TFC.

Sa chuid ba mhó de na ceachtanna d'éirigh leis an múinteoir cothromaíocht chuí a bhaint amach maidir leis an méid den ionchur a rinne an múinteoir agus rannpháirtíocht bhisiúil na scoláirí lena gcuid freagraí. Sna ceachtanna seo léirigh na scoláirí leibhéal ard spéise agus rannpháirtíochta agus tugadh an deis dóibh obair a dhéanamh i bpáirt le scoláirí eile ar ócáidí rialta. I líon beag de na ceachtanna bhíothas ag brath rómhór ar ionchur an mhúinteora agus ba mhinic a fágadh gníomhaíocht chuiditheach na scoláirí go dtí an deireadh. Bhí míniúcháin agus ceistanna an mhúinteora ar scoláirí aonair in uachtar rómhór; an toradh a bhí air seo ná go raibh foghlaim éighníomhach ar siúl rómhór ag na scoláirí as a mhéad a bhí siad ag éisteacht.

Chonachthas úsáid an-éifeachtach á baint as modhanna ceistiúcháin mar ar tugadh deiseanna do scoláirí dul i gcomhairle eatarthu féin ina bpéirí nó ina ngrúpaí sular thug siad aiseolas don rang. I gcás ar leith baineadh úsáid an-éifeachtach as boird 'Taispeáin dom' mar chuid den obair ghrúpa. I rang teanga ar leith bhí cumas an-mhaith sna scoláirí chun a gcuid tuairimí féin a chur in iúl i scríbhinn ag teacht le réimeanna áirithe den teanga agus bhí na scoláirí sin a léigh amach a gcuid píosáí scríbhneoireachta don rang an-mhuiníneach. Bhí dea-theist le fáil san obair seo ar na scoláirí á bhforbairt mar fhoghlaiméirí neamhspleácha. Ba chóir tógáil ar na dea-chleachtais seo.

Bhí cáilíocht na pleanála ábhair ag leibhéal sásúil sna pleananna a breathnaíodh; rinne na múinteoirí an phleanáil go comhoibríoch mar ba cheart. Bhain na múinteoirí úsáid as am cruinnithe foirmiúla chun eagrúchán roinne a dhéanamh agus bhí miontuairiscí ar fáil. Moltar do bhaill na ranna ábhair athmhachnamh a dhéanamh le chéile ar mhodhanna teagaisc mar chuid de na cruinnithe seo.

Tá tús déanta ar na pleananna ábhair. Is gá breis forbartha a dhéanamh ar an gcuid is mó de na pleananna curaclaim atá leagtha amach mar scéikmeanna oibre lena chinntiú go n-ainmnítear cuspóirí foghlama atá soiléir agus ábhartha agus atá curtha i gcomhthéacs do riachtanais fhoghlama na scoláirí. Ba chóir freisin go mbeadh modhanna múinte, acmhainní teagaisc, úsáid TFC agus modhanna measúnaithe san áireamh. Is gá a chinntiú go ndéantar ábhar agus gníomhaíochtaí a idirdhealú go soiléir d'fhonn freastal ar riachtanais agus inniúlachtaí na scoláirí.

Bhí cáilíocht na measúnachta sna ceachtanna a breathnaíodh oiriúnach ar an iomlán cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh. Roinn na múinteoirí an méid a bhí le déanamh leis na scoláirí i ngach ceacht. I gcás fórbheagán de na ceachtanna roinn na múinteoirí critéir ratha leis na scoláirí. Thug sé seo le fios do na scoláirí cad a bheadh foghlamtha acu agus chabhraigh sé leo chun féinmheasúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama ag deireadh an cheachta. Moltar an dea-cleachtas seo a leathnú.

Léirigh iniúchadh a rinneadh ar chóipleabhair go raibh éagsúlacht sna modhanna measúnachta a chleachtar. Ba léir gur cheartaigh na múinteoirí an obair sa chuid ba mhó de na cóipleabhair; ní fhacthas nótaí tráchta foirmitheacha mar threoir do na scoláirí conas a gcuid oibre a fheabhsú ach i gcúpla cás. Ba chóir cur chuige scoile uile a fhorbairt i dtaca le haiseolas ó bhéal agus aiseolas scríofa a sholáthar agus an cur chuige seo a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

Léirigh anailís ar thorthaí a bhain scoláirí amach sna scrúduithe teistiméireachta go raibh scóip chun feabhais i gcás roinnt ábhar. Is i ranganna chumais mheasctha a bhíonn na hábhair á dteagasc don chuid is mó. I gcás líon beag de na ranganna bhí an difreáil in úsáid trí cheistiúchán an mhúinteora. Moltar go ndéanfaí tuilleadh forbartha ar straitéisí difreála agus go ndéanfadh na múinteoirí ar fad difreáil go follasach ar an ábhar, na gníomhaíochtaí agus an obair bhaile ar mhaithe le freastal ar an réimse iomlán de chumais agus de riachtanais atá i measc na scoláirí.

3. CUR I BHFEIDHM MOLTAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ A RINNEADH CHEANA

3.1 BAINISTÍOCHT

Rinneadh moltaí i dtaca le bainistíocht sna tuairiscí cigireachta ar an Treoir agus Béarla. Tá dul chun cinn teoranta le feiceáil sa réimse seo. Níl an scoil comhlíontach go fóill i dtaca le 28 uair an chloig d'am teagaisc a chur ar fáil ag teacht le hImlitir M29/95. Níl na spriocanna foghlama ná an fhorbairt scileanna is gá sainithe sa chuid is mó de na pleananna ábhair.

3.2 FOGHLAIM AGUS TEAGASC

Tá dul chun cinn maith déanta leis na moltaí seo a fheidhmiú. Bhí úsáid na sprioctheanga agus forbairt na scileanna teanga go maith sna ceachtanna teanga a breathnaíodh. Bhain aidhm shoiléir leis an gcuid ba mhó de na tascanna a tugadh do na scoláirí. Tá scóip shuntasach chun forbartha ann i gcónaí i dtaca leis an difreáil a chuimsiú sa teagasc.

4. PRÓISEAS FÉINMHEASTÓIREACHTA NA SCOILE AGUS ACMHAINN FEABHSAITHE NA SCOILE

Tá an scoil chun deiridh maidir leis an dul chun cinn a leagadh amach do scoileanna chun na snáitheanna tosaigh den FFS a chur i bhfeidhm. I mbliana a thosaigh an scoil ar an gcéad phlean feabhsúcháin scoile, an litearthacht, a fheidhmiú. Níl an próiseas sé chéim FFS curtha i gcrích mar ba

chóir. Níor foilsíodh plean feabhsúcháin scoile (PFS) ná níl socruithe déanta chun an PFS a athbhreithniú. Áirítear spriocanna an phlean féin a bheith ábhairín teibí seachas soiléir agus intomhaiste.

Tá tús curtha ag meitheal múinteoirí leis an dara snáithe FFS, an uimhearthacht, agus PFS a dhréachtú. Tá na cúraimí seo faoi bhráid na bainistíochta sinsearaí don chuid is mó. Níl sé d'acmhainn ag an mbainistíocht shinsearach plé leis na cúraimí seo go fóinteach lena bhfuil de chúraimí teagaisc orthu.

I bhfianaise na struchtúr reatha atá ar fáil don FFS tá acmhainn theoranta ag an scoil chun dul i ngleic leis an bhfeabhsúchán scoile. D'fhéadfaí cur leis an acmhainn sin go mór ach bonn níos fearr a chur faoi na struchtúir FFS. Moltar do bhainistíocht na scoile a chinntiú go bhfuil struchtúr ceart faoin bpróiseas FFS sula dtéitear chun cinn le haon chuid den obair seo agus an próiseas sé chéim FFS a ghlacadh mar chuid dhílis den obair sin.

Aguisín

Freagra na scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur i bhfeidhm

Ionad 1: Ba mhaith le Bord Bainistíochta Gaelcholáiste Cheatharlach, a chur in iúil a shástacht as an tuairisc ar Chigireacht Meastóireacht Scoile Uile Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim.

Ionad 2: Ag éirí as an gCigireacht tá gníomhartha leantacha curtha i bhfeidhm ag an scoil. Tá plean ag comhlíonadh Níosanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus in Iarbunscoileanna maidir le soláthar OCG i bhfeidhm agus curtha faoi bhráid gach tuismitheoir/caomhnóir, Comhairle na nDaltaí agus Bord Bainistíochta Gaelcholáiste Cheatharlach ó Nollag 2016.

Ionad 3: Laghdaíodh clár na n-ábhar Ardteistiméireachta ag scoláirí na cúigiú bliana ag tús an scoilbhliain 2016/17, ó chúig bhloc go ceithre bhloc d'ábhair roghnacha ionas nach mbeadh na daltaí céanna gan Corp Oideachas agus Oideachas Reiligiún agus iad sa séú bhliain an bhliain seo chugainn agus leathnadh ag teacht ar an lá scoile ionas go mbeidh 28 n-uaire an chloig mar íosmhéid d'uaireanta teagaisc in aghaidh na seachtaine á gcur ar fáil ag teacht le himlithir M29/95 na Roinne. Thosaigh na leasuithe ar an tráthchlár, ionas go mbeadh 28 n-uaire á sholáthar ag an scoil, anuraidh.

Ionad 4: Bhí uaireanta suntasacha teagaisc ar an bpríomhoide nuair a rinneadh cigireacht ar an scoil. Deacrachtaí teacht ar mhúinteoirí ba chúis le seo ag an am. Tá ganntanas múinteoirí le Gaeilge ann. Is fadhb náisiúnta í seo do scoileanna i láthair na huair. Níl an príomhoide ag múineadh ón 19ú den Nollag 2016.

CONTANAM CÁILÍOCHTA NA CIGIREACHTA

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa scoil agus feidhm á baint acu as contanam cáilíochta na cigireachta a thaispeántar thíos. Tugann an contanam cáilíochta samplaí den teanga a mbaineann cigirí feidhm aisti nuair a bhíonn siad ag déanamh meastóireachta agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile do gach réimse.

| Leibhéal | Cur síos | Sampla de na téarmaí tuairisciúla |
|-----------|---|---|
| An-mhaith | Úsáidtear An-mhaith áit a bhfuil cáilíocht na réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ar chaighdeán an-ard. Ní bhíonn tionchar rómhór ag an líon beag réimsí atá le feabhsú ar cháilíocht an tsoláthair ar an iomlán. Do roinnt scoileanna sa chatagóir seo bíonn an cháilíocht ar a ndearnadh meastóireacht thar cionn agus is sampla é do scoileanna eile de shárchaighdeán soláthair. | An-mhaith ; ar cháilíocht an-ard; an-éifeachtach; cleachtas an-éifeachtach; le moladh go hard; an-rathúil; beagán réimsí le feabhsú; go hiontach; ar chaighdeán an-ard; Ar fheabhas: thar cionn; ar sárchaighdeán; le láidreachtaí an-suntasach; thar barr |
| Go maith | Úsáidtear Go maith áit ina bhfuil níos mó láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu ná na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh. Bíonn tionchar ag na réimsí ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh ar cháilíocht foghlama na ndaltaí. Ní mór don scoil tógáil ar a cuid láidreachtaí agus gníomhú le dul i ngleic leis na réimsí atá aitheanta ina bhfuil gá le feabhas a dhéanamh leis an gcaighdeán <i>an-mhaith</i> a bhaint amach. | Go maith ; cáilíocht mhaith; fiúntach; cleachtas éifeachtach; inniúil; úsáideach; inmholta; caighdeán maith; roinnt réimsí le feabhsú |
| Sásúil | Úsáidtear Sásúil áit a bhfuil cáilíocht an tsoláthair sách maith. Tá díreach níos mó láidreachtaí a ndéantar meastóireacht orthu ná na laigí. Cé nach mbíonn drochthionchar suntasach ag na laigí cuireann siad srian leis na taithí foghlama agus ba chóir dul i ngleic leo d'fhonn caighdeán níos fearr a bhaint amach. | Sásúil ; sách maith; soláthar oiriúnach cé go bhfuil féidearthachtaí ann le feabhas a dhéanamh; leibhéal cáilíochta inghlactha; is gá feabhas a dhéanamh i réimsí áirithe |
| Measartha | Úsáidtear Measartha áit, in ainneoin go bhfuil roinnt láidreachtaí sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu, go bhfuil níos mó easnaimh nó laigí ann freisin ná na láidreachtaí. Beidh ar an scoil dul i ngleic le heasnaimh áirithe gan mhoill lena chinntiú go mbíonn an soláthar sásúil nó níos fearr ná sin. | Measartha , laigí soiléire ann a bhfuil tionchar acu ar fhoghlaim na ndaltaí; gan a bheith chomh sásúil sin; deacrachtaí ann; níor mór feabhas a dhéanamh i réimsí ar leith; gá le gníomhú le feabhas a dhéanamh |
| Lag | Úsáidtear Lag áit a bhfuil easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndéantar meastóireacht orthu. Is gá don scoil uile gníomhú láithreach ar bhonn comhordaithe le dul i ngleic leis na réimsí atá mar ábhar imní. I gcásanna áirithe, b'fhéidir go mbeidh gá le hionchur ó ghníomhaireachtaí eile le tacú leis na feabhsuithe. | Lag ; míshásúil; easnamhach; neamhéifeachtach; go dona; athrú, forbairt nó feabhas atá suntasach ag teastáil; deacrachtaí suntasacha ann |

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Whole School Evaluation
Management, Leadership and Learning

| | |
|-----------------------|----------------------------|
| School Name | Gaelcholáiste Cheatharlach |
| School Address | Askea Carlow |
| Roll No. | 70440A |



WHAT IS A WHOLE-SCHOOL EVALUATION – MANAGEMENT, LEADERSHIP AND LEARNING?

